



General Certificate of Secondary Education
2025

Uimhir Lárionaid

--	--	--	--	--

Uimhir Iarrthóra

--	--	--	--	--

Stair

Aonad 1

Grinnstaidéar ar an Domhan
Nua-aoiseach agus Staidéar Áitiúil

MV24/IM

[GHR11]

DÉ HAOINE 16 BEALTAINÉ, MAIDIN

Am

1 uair 45 nóiméad, agus an t-am breise atá ceadaithe duit.

Treoir d'Iarrthóirí

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra sna spásanna chuige sin ag barr an leathanaigh seo agus ar leatháin bhreise ar bith.

Ní mór duit na freagraí a scríobh sna spásanna chuige sin sa scrúdpháipéar seo – is féidir go mbeidh níos mó spáis ann ná mar atá de dhíth ort. Tá línte breise curtha leis an leabhrán má tá tuilleadh spáis de dhíth ort.

Ná scríobh ar leathanaigh bhána.

Comhlánaigh le dúch dubh amháin.

Ná scríobh le peann glóthaí.

Freagair **gach ceann** de na ceisteanna as do rogha i Roinn A agus **gach ceann** de na ceisteanna as do rogha i Roinn B. (Níl ach Rogha 1 i Roinn A agus Rogha 2 i Roinn B ar fáil sa leagan Gaeilge den scrúdpháipéar seo).

Eolas d'Iarrthóirí

Is é 80 an marc iomlán don pháipéar seo.

Léiríonn figiúirí idir lúibíní atá priontáilte ag deireadh gach ceiste na marcanna atá ag dul do gach ceist nó do gach cuid de cheist.

Measúnófar caighdeán na cumarsáide scríofa i gCeisteanna **3**, **4** agus **5** i Roinn A agus i gCeist **11** i Roinn B.

Roinn A

Freagair **gach** ceist as **do rogha**.

Rogha

Leathanaigh

Rogha 1:

An Saol i nGearmáin na Naitsithe,
1933–1945

4–11

Roinn A

Rogha 1: An Saol i nGearmáin na Naitsithe, 1933–1945

Freagair **gach** ceist

- 1 Anseo thíos tá liosta téarmaí a bhaineann le géarleanúint ar mhionlaigh i nGearmáin na Naitsithe:

Finnéithe Iehova

Untermenschen

Dlí na Sleachta Galracha
(**Diseased Offspring Law**), 1933

Romach

Dlí Saoránachta an Reich
(**Reich Citizenship Law**), 1935

Meaitseáil **gach** téarma leis an chur síos cheart agus scríobh do fhreagra sa spás chuige sin. Tá an chéad cheann déanta duit.
[1 mharc do gach ceann]

Na daoine ar mheas na Naitsithe 'nár dhaoine daonna' iad

Untermenschen

(a) Ceann amháin de Dhlíthe Nürnberg

(b) Grúpa reiligiúnach a dhiúltaigh móid dílseachta a ghlacadh do Hitler nó dul san Arm

(c) Lig sé do steiriliú na ndaoine faoi mhíchumas tarlú

(d) Grúpa a chuir glaineacht an chine Airianaigh i mbaol, dar leis na Naitsithe

2 Cuir síos ar **dhá** dhóigh a ndeachaigh an Dara Cogadh Domhanda, 1939–1945, i bhfeidhm ar an tsaol sa Ghearmáin.
[3 mharc do gach ceann]

1. _____

2. _____

Bain úsáid as na línte thíos má tá siad de dhíth.

Leathanach Bán

Roinn B

Freagair **gach** ceist as **do rogha**.

Rogha

Leathanaigh

Rogha 2:

Caidreamh Ag Athrú:
Tuaisceart Éireann agus
a Chomharsana,
1965–1998

14–26

Roinn B

Rogha 2: Caidreamh Ag Athrú: Tuaisceart Éireann agus a Chomharsana, 1965–1998

Freagair **gach** ceist

6 Déan staidéar ar **Fhoinse A** thíos agus freagair an cheist a leanann.

Foinse A: Sliocht as Tuairisc Cameron a foilsíodh in 1969

Cé go bhfuil roinnt Protastúnach i ngluaiseacht na gceart sibhialta, is Caitlicigh iad an chuid is mó dá baill. Tá daoine ina mbaill fosta a bhfuil dearcthaí antoisceacha poblachtánacha acu. Bhí spéis nach beag ag Óglaigh na hÉireann (**IRA**) sa ghluaiseacht óna tús.

**Agus Foinse A agus d'eolas
comhthéacsúil féin in úsáid agat, luaigh
aon fháth amháin a raibh an chuid is mó
d'aontachtaithe in éadan ghluaiseacht na
gceart sibhialta. [2 mharc]**

7 Déan staidéar ar **Fhoinse B** thíos agus freagair an cheist a leanann.

Foinse B: Sliocht as tuairisc nuachtáin ar an stailc ocrais, 4 Deireadh Fómhair 1981

Bhí níos mó foréigin ar shráideanna Thuaisceart Éireann mar thoradh ar gach bás sa phríosún. Thacaigh cuid mhaith Caitliceach leis an stailc ocrais. Toghadh Bobby Sands chun parlaimint na Breataine trí seachtaine sula bhfuair sé bás. Tá uafás ar Phrotastúnaigh dá bharr. Tógfaidh sé roinnt mhaith ama sula mbeidh feabhas ar an chaidreamh dhamáistithe idir Protastúnaigh agus Caitlicigh.

**Agus Foinse B agus d'eolas
comhthéacsúil féin in úsáid agat, luaigh
dhá fhreagairt ar an stailc ocrais in 1981.
[2 mharc do gach ceann]**

1. _____

2. _____

8 Déan staidéar ar **Foinse C** thíos agus freagair an cheist a leanann.

**Foinse C: Sliocht as nuachtán
Briotanach ar theacht na dtrúpaí
i dTuaisceart Éireann, 17 Lúnasa 1969**

I ndiaidh laethanta de chíríbeacha agus d'fhoréigean, tá riail agus reacht ar shráideanna Bhéal Feirste agus Dhoire anois mar gheall ar theacht na dtrúpaí Briotanacha. Chuir na Caitlicigh fáilte roimh an arm mar bhí cuidiú á iarraidh ag ceannairí pobail mar gheall ar dhónna tí agus scaoileadh forleathan.

Cé chomh **húsáideach** agus atá **Foinse C** ag staraí atá i mbun staidéir ar na freagairtí difriúla ar theacht na dtrúpaí Briotanacha i dTuaisceart Éireann in 1969?

Bain úsáid as na línte thíos má tá siad de dhíth.

10 (a) Ainmnigh an baile inar tógadh ollscoil nua sna 1960idí. [1 mharc]

(b) Luaigh **aon** téarma **amháin** de Chlár Leasaithe Cúig Phointe an Phríomh-Aire Terence O'Neill. [1 mharc]

(c) Luaigh **aon** fhreagairt **amháin** ar thabhairt isteach an imtheorannaithe. [1 mharc]

(d) Cuir síos ar **aon** fháth **amháin** ar tháinig Óglaigh na hÉireann Sealadach (**PIRA**) chun cinn i dTuaisceart Éireann faoi 1972. [2 mharc]

Seo deireadh an scrúdpháipéir

Foinsí

Option 2-A.....Cameron Report, 1969. Crown copyright material has been reproduced under licence from the Controller of Her Majesty's Stationary Office.

Option 2-B.....Adapted from <https://www.nytimes.com/1981/10/04/world/belfast-prisoners-endhunger-strike-that-left-10-dead.html>

Option 2-C.....Adapted from "British troops keep Belfast mob at bay" by Andrew Wilson, The Oserver 27.08.1969

Don Scrúdaitheoir amháin	
Roinn A	
Uimhir Ceiste	Marcanna
1	
2	
3	
4	
5	
Roinn B	
6	
7	
8	
9	
10	
11	
Marc Iomlán	

Uimhir Scrúdaitheora

Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.

I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.